Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**10033/1/22**
**REV 1**

**AG 63**
**INST 223**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Comhdháil ar Thodhchaí na hEorpa<br>- Tograí agus bearta sonracha gaolmhara sa tuarascáil maidir le toradh deiridh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa: Réamh-mheasúnú teicniúil nuashonraithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí leis seo nóta, agus Aguisín a ghabhann leis, lena soláthraítear réamh-mheasúnú teicniúil nuashonraithe ar na tograí agus ar na bearta sonracha gaolmhara atá sa tuarascáil[1] maidir le toradh deiridh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa. Bhí an chéad réamh-mheasúnú, a eisíodh i mí an Mheithimh 2022[2], nuashonraithe ag Ardrúnaíocht na Comhairle i mí na Samhna 2022 chun na gníomhaíochtaí beartais a rinne institiúidí an Aontais ón 9 Bealtaine 2022[3] i leith, dáta deiridh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, a léiriú.

---

1 8933/22
2 10033/22
3 Féach pointí 17-27 thíos go háirithe.

**IARSCRÍBHINN**

**Tograí agus bearta sonracha gaolmhara sa tuarascáil maidir le toradh deiridh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa:
Réamh-mheasúnú teicniúil nuashonraithe**

**Réamhrá**

1. An 9 Bealtaine 2022, cuireadh an tuarascáil maidir le toradh deiridh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa faoi bhráid Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Uachtarán Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, mar a fhoráiltear sa Dearbhú Comhpháirteach a síníodh i mí an Mhárta 2021[4]. Mar chuid den Dearbhú Comhpháirteach, chomhaontaigh na trí uachtarán a scrúdú gan mhoill conas is féidir obair leantach éifeachtach a dhéanamh i ndáil leis an tuarascáil sin, laistigh dá réimse inniúlachtaí féin agus i gcomhréir leis na Conarthaí.

2. Sa tuarascáil maidir le toradh deiridh na Comhdhála tá 49 dtogra agus os cionn 320 beart sonrach gaolmhar, a chuir Cruinniú Iomlánach na Comhdhála ar aghaidh chuig Bord Feidhmiúcháin na Comhdhála. Baineann siad seo le naoi dtopaicí: 'An t-athrú aeráide agus an comhshaol'; 'Sláinte'; 'Geilleagar níos láidre, ceartas sóisialta agus poist'; 'An tAontas sa domhan mór'; 'Luachanna agus cearta, an smacht reachta, an tslándáil'; 'An claochlú digiteach'; 'An Daonlathas Eorpach'; 'An Imirce'; agus 'Oideachas, cultúr, an óige agus spórt'.

3. Tá na tograí agus na bearta sonracha a bhaineann leo bunaithe den chuid is mó ar na moltaí a rinne na saoránaigh mar chuid de na Painéil Saoránach Eorpacha agus Náisiúnta a eagraíodh faoi chuimsiú na Comhdhála. Cuireann siad freisin leis na smaointe a roinneadh ar Ardán Digiteach Ilteangach na Comhdhála, agus sna díospóireachtaí a reáchtáladh i gCruinniú Iomlánach na Comhdhála, lena n-áirítear a Mheithleacha. Ar bhearta sonracha gaolmhara na dtograí, áirítear tagairt dá mbunús/dá dtionscnamh, bíodh sé trí léiriú idir lúibíní nó trí bhíthin fonóta.

[4] 6796/21

4. I gCruinniú Iomlánach deireanach na Comhdhála, níor thug ionadaithe ó chuid na Comhairle de chruinniú iomlánach na Comhdhála a mbarúil ar shubstaint na dtograí ach ina ionad sin thacaigh siad le gníomhaíochtaí na saoránach agus mhol siad iad agus thug siad a moltaí dá n-aire. Chuir an Chomhairle in iúl go bhfuil sé ar intinn aici, tar éis an 9 Bealtaine 2022, cinneadh a dhéanamh faoi conas is féidir obair leantach a dhéanamh maidir le torthaí na Comhdhála, laistigh dá réimse inniúlachtaí féin agus i gcomhréir leis na Conarthaí.

5. Sa tábla in Aguisín 1, tugtar **réamh-mheasúnú teicniúil nuashonraithe ar na tograí agus na bearta sonracha gaolmhara atá sa tuarascáil maidir le toradh deiridh na Comhdhála**, chun na forbairtí i gcur chun feidhme thograí na Comhdhála agus na mbeart sonrach gaolmhar go dtí mí na Samhna 2022 a chur san áireamh. Tá trí cholún sa tábla, ina ndéantar an méid seo a leanas faoi seach: (i) na tograí agus na bearta sonracha uile gaolmhara leo sin a liostú, (ii) breac-chuntas a thabhairt ar a mhéid atá institiúidí an Aontais ag obair cheana ar na bearta sin (i.e. cad atá á dhéanamh?), agus (iii) a mhíniú conas a d'fhéadfaí na bearta sin a chur chun feidhme, dá gcuirfí chun feidhme ar chor ar bith iad, agus cén bunús dlí ar a bhféadfaí iad a chur i bhfeidhm (i.e. measúnú indéantachta). Nuair a cheanglófaí le beart athruithe a dhéanamh ar na Conarthaí chun é a chur chun feidhme, cuirtear an méid sin in iúl i ndath liath sa tríú colún (iii). Nuair nach gceanglófaí athruithe ar na Conarthaí ach le cuid de bheart, cuirtear an chuid ábhartha in iúl i ndath liath freisin sa chéad cholún (i). Ar deireadh, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil roinnt de na bearta foirmlithe i dtéarmaí ginearálta, rud a fhágann gur deacair an measúnú a dhéanamh, go háirithe maidir leis an mbunús dlí a d'fhéadfadh a bheith sna Conarthaí reatha.

**Forléargas ginearálta ar an réamh-mheasúnú teicniúil nuashonraithe**

**A. Tograí agus bearta sonracha gaolmhara a dtugtar aghaidh orthu le tionscnaimh an Aontais atá ann cheana agus atá ar siúl faoi láthair**

6. Ceann de na príomhthorthaí a bhí ar an réamh-mheasúnú nuashonraithe sin is ea go bhfuil **aghaidh á tabhairt ar líon suntasach tograí agus beart gaolmhar nó gur thug institiúidí an Aontais aghaidh orthu cheana féin**. Léirítear mionsonraí na dtorthaí sin sa dara colún den tábla in Aguisín 1 ('cad atá á dhéanamh?').

Is amhlaidh atá go háirithe i gcás na dtopaicí Comhdhála sin a bhaineann le réimsí beartais ina bhfuil reachtaíocht an Aontais glactha nó ina bhfuil reachtaíocht an Aontais á plé ag na comhreachtóirí, agus nuair is cosúil go bhfuil sin comhfhreagrach leis na tograí agus leis na bearta gaolmhara (nó le cuid díobh). Is samplaí maithe iad 'Claochlú digiteach', 'Athrú aeráide agus an comhshaol' agus 'Sláinte' i ndáil leis sin.

7. Maidir le ‘Claochlú digiteach’, ar mórthosaíocht de chuid an Aontais é le blianta beaga anuas, tá obair ghaolmhar á déanamh ag DSA, DMA, Ionstraim AI, Rialachán CEF2, Rialachán eID, Treoir NIS2[5] chomh maith leis na tionscnaimh atá sa Straitéis Eorpach le haghaidh Sonraí, i ndáil le roinnt mhaith tograí agus bearta sonracha gaolmhara.

Ar an gcaoi chéanna, ar ábhar an ‘Athrú aeráide agus an comhshaol’, le CBT 2023-27 chomh maith le tionscnaimh a bhaineann leis an gComhaontú Glas don Eoraip a chur i gcrích, amhail an t-athbhreithniú ar an reachtaíocht a bhaineann leis an aeráid, leis an bhfuinneamh agus leis an iompar faoin bpacáiste ‘oiriúnach do 55’, cumhdaítear roinnt mhaith saincheisteanna a áirítear sna bearta sonracha.

Maidir le ‘Sláinte’, tá roinnt tionscnamh de chuid an Aontais atá ann cheana agus atá ar siúl faoi láthair a bhfuil sé d’aidhm acu sláinte na saoránach a chosaint níos fearr agus freagairt níos fearr ar ghéarchéimeanna sláinte, agus tugann siad aghaidh freisin ar iarrataí a chuirtear in iúl i líon maith de na bearta atá á moladh.

8. Ina theannta sin, dealraíonn sé go gclúdódh roinnt tionscnamh trasghearrtha de chuid an Aontais le déanaí roinnt de na tograí agus na bearta gaolmhara maidir le hábhair ar leith. Mar shampla, cás na Saoráide um Théarnamh agus Athléimneacht a mhéid a bhaineann le tograí maidir le ‘geilleagar níos láidre’, ‘Luachanna agus cearta, an smacht reachta, an tslándáil’ chomh maith le ‘Oideachas, cultúr, an óige agus spórt’ a bhaineann le hinfheistíocht phoiblí agus caighdeán beatha.

## B. <u>Tograí agus bearta sonracha gaolmhara a bhféadfadh institiúidí an Aontais aghaidh a thabhairt orthu an athuair</u>

9. **Maidir leis na cásanna sin i dtaca le tograí agus bearta sonracha gaolmhara a bhféadfadh institiúidí an Aontais aghaidh a thabhairt orthu an athuair,** léirítear sa réamh-mheasúnú teicniúil freisin go **bhféadfaí é sin a dhéanamh, i bhformhór mór na gcásanna, laistigh de chreat reatha na gConarthaí**. Léirítear mionsonraí na dtorthaí sa cholún deireanach den tábla in Aguisín 1 (‘conas a d'fhéadfaí an togra/an beart a chur chun feidhme?’).

---

**5** An Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (DSA); An Gníomh um Margaí Digiteacha (DMA); An Rialachán maidir leis an Intleacht Shaorga (IS); An Rialachán maidir leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa 2 (SCE2); An Rialachán maidir le Sainaithint leictreonach, Fíordheimhniú agus Seirbhísí Iontaoibhe (eID); An Treoir maidir le Slándáil Líonra agus Faisnéise 2 (NIS2).

10. Ar an gcéad dul síos, d'fhéadfaí go leor tograí agus beart gaolmhar a chur chun feidhme trí chreat reachtach reatha an Aontais a leasú d'fhonn roinnt dá fhorálacha a threisiú. Is amhlaidh atá, mar shampla, i gcás roinnt de na bearta sonracha maidir le saincheisteanna a bhaineann le cosaint sonraí agus leas ainmhithe.

11. Ar an dara dul síos, i gcás roinnt tograí eile agus a mbearta gaolmhara, d'fhéadfaí leas a bhaint as roinnt uirlisí, ionstraimí, cláir agus struchtúir atá ann cheana ar leibhéal an Aontais, más gá.

Mar shampla, le próiseas an tSeimeastair Eorpaigh, foráiltear go bhféadfaidh na Ballstáit comhordú breise a dhéanamh ar an mbeartas eacnamaíoch agus, dá bhrí sin, d'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar líon maith de na bearta atá á n-iarradh faoin ábhar 'Geilleagar níos láidre, ceartas sóisialta agus poist'. Maidir leis an topaic 'Luachanna agus cearta, an smacht reachta, an tslándáil', cuid de na bearta atá dírithe ar luachanna an Aontais a dhéanamh níos inbhraite do shaoránaigh, d'fhéadfaí iad a chumhdach trí roinnt cláir chistiúcháin de chuid an Aontais a fheabhsú. Le dlús a chur leis na hiarrachtaí cumarsáide agus le lánchur chun feidhme straitéisí cumarsáide institiúidí an Aontais, d'fhéadfaí dul i ngleic le roinnt de na bearta atá á n-iarradh faoi na topaicí 'An daonlathas Eorpach' agus 'Oideachas, cultúr, an óige agus spórt'.

12. Ar an tríú dul síos, d'fhéadfaí go leor tograí a chur chun feidhme trí reachtaíocht nua de chuid an Aontais bunaithe ar chreat reatha na gConarthaí. Mar shampla, faoin topaic 'Luachanna agus cearta', tá an deis ag reachtóir an Aontais na luachanna agus na cearta sin a chosaint i gcomhthéacs shaothrú bheartais an Aontais ar nós an margadh inmheánach a neartú. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh tionscnaimh a eascraíonn as an bPacáiste le haghaidh Geilleagar Ciorclach II aghaidh a thabhairt ar roinnt de na bearta a thagann faoi na topaicí a bhaineann le 'Geilleagar níos láidre' agus 'An t-athrú aeráide agus an comhshaol'.

13. Ina theannta sin, cé go dtugann go leor tograí agus bearta gaolmhara aghaidh ar shaincheisteanna sonracha, tá cinn eile ann atá níos ginearálta agus a bhfuil gné uaillmhianach ag baint leo. D'fhágfadh cur chun feidhme na dtionscnamh sin go bhféadfaí cineálacha éagsúla tionscnamh a chur chun feidhme, agus raon leathan roghanna a bheith ag gabháil leo.

14. Ba cheart a mheabhrú freisin, maidir leis na tograí agus na bearta sonracha gaolmhara a thagann faoi réimsí a chumhdaítear le hinniúlachtaí comhroinnte, gur tugadh an inniúlacht ábhartha don Aontas cheana sna Conarthaí, trí na bunúis ábhartha dlí sna réimsí lena mbaineann, ach go dtí go roghnóidh an tAontas a inniúlacht a fheidhmiú sa réimse sin, i gcomhréir leis an mbunús dlí sin, go bhfuil an inniúlacht chun gníomhú sa réimse sin á coimeád ag na Ballstáit. Dá bhrí sin, is faoin Aontas go hiomlán atá sé rogha a dhéanamh cé acu a dhéanfar nó nach ndéanfar, agus a mhéid a dhéanfar, na hinniúlachtaí sin a fheidhmiú, ar inniúlachtaí iad atá faoi rialú phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta.

Maidir le tograí agus bearta gaolmhara i réimsí a chumhdaítear le hinniúlachtaí tacaíochta an Aontais, ní éilíonn an chuid is mó de na tograí sin comhchuibhiú an Aontais go sonrach, agus dá bhrí sin, d'fhéadfaí iad a chur chun feidhme faoi na Conarthaí reatha, trí ghníomhaíochtaí sin an Aontais, lena n-áirítear cláir an Aontais, lena dtacaítear le gníomhaíochtaí na mBallstát, lena ndéantar iad a chomhordú nó a fhorlíonadh. Is amhlaidh atá, mar shampla, i gcás fhormhór na mbeart atá á n-iarradh i réimse an oideachais (e.g. chun feabhas a chur ar an oideachas agus ar an oiliúint i roinnt ábhair amhail litearthacht sna meáin agus litearthacht dhigiteach, chun digitiú an oideachais a chothú, etc.).

15. Ar deireadh, d'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar roinnt tograí agus ar bhearta gaolmhara trí na solúbthachtaí dá bhforáiltear le creat na gConarthaí atá ann faoi láthair, amhail forálacha na gConarthaí lena leagtar amach 'clásail *passerelle*' ghinearálta nó shonracha a chuireann ar chumas na Comhairle Eorpaí nó na Comhairle athrú ó aontoilíocht go vótáil trí thromlach cáilithe nó chuig an ngnáthnós imeachta reachtach, nó clásail shonracha shimplithe um athbhreithniú a chuireann ar chumas na Comhairle Eorpaí nó na Comhairle raon feidhme na mbunús dlí áirithe nó forálacha na gConarthaí a leathnú, amhail comhar feabhsaithe, lena gceadaítear do Bhallstáit ar mian leo dul ar aghaidh i réimse ar leith dul chun cinn a dhéanamh leis sin.

**C. Tograí agus bearta sonracha gaolmhara lena bhféadfadh sé go dteastódh athrú ar na Conarthaí lena gcur chun feidhme ina n-iomláine**

16. Léirítear sa réamh-mheasúnú seo freisin **nach bhfuil ann ach líon beag bearta sonracha a dteastódh athrú ar na Conarthaí chun go bhféadfaí iad a chur chun feidhme go hiomlán.** Baineann na bearta sin leis an méid seo a leanas:

1) A chur ar chumas an Aontais cuid éigeantach de churaclaim oideachais ar fud an Aontais a dhéanamh d'ábhair áirithe;[6]
2) Inniúlacht roinnte de chuid an Aontais a dhéanamh de Shláinte agus cúram sláinte, chomh maith le hoideachas;[7]
3) Caighdeáin cúraim sláinte a chomhchuibhiú ar bhealach éigeantach ar leibhéal an Aontais;[8]
4) Oibleagáid a fhorchur ar Bhallstáit ceart chun pósta agus uchtála a bhunú go náisiúnta, mar shampla, do lánúineacha comhghnéis;[9]
5) Cruthú naíonraí inacmhainne agus cúram leanaí saor in aisce a áirithiú ar bhealach éigeantach ar fud an Aontais;[10]
6) Saoire phoiblí éigeantach bhreise a dhéanamh de Lá na hEorpa (an 9 Bealtaine) ar fud an Aontais;[11]
7) Go bhféadfadh Parlaimint na hEorpa reifrinn uile-Aontais a ghníomhachtú;[12]
8) Airteagal 7 CAE a leasú;[13]
9) Athrú ó aontoilíocht go VTC sa Chomhairle Eorpach;[14]
10) Aistriú ó aontoilíocht go VTC sa Chomhairle do na cásanna nach mbíonn feidhm ag clásail *passerelle*, mar shampla maidir le cinntí a bhfuil impleachtaí míleata acu agus maidir le cúrsaí cosanta;[15]

---

6 Féach beart 6.6; beart 27.4; beart 32.1; beart 32.2; beart 37.1; beart 46.1; agus beart 48.2.
7 Féach beart 8.3; beart 10.3; agus beart 46.1.
8 Féach beart 10.1; beart 14.4; agus beart 15.8.
9 Féach beart 15.5.
10 Féach beart 29.5.
11 Féach beart 37.6; agus beart 48.3.
12 Féach beart 38.2.
13 Féach beart 25.4.
14 Féach beart 39.1.
15 Féach beart 21.1; agus beart 39.1.

11) Cumhachtaí a aistriú chuig an Ardionadaí i réimse na hionadaíochta seachtraí ar an Aontas, atá i seilbh an Choimisiúin faoi láthair (Airteagal 17(1) CAE) nó Uachtarán na Comhairle Eorpaí (Airteagal 15(6) CAE) nó ról agus cumhachtaí an Ardionadaí a athrú[16];

12) Go dtoghfadh na saoránaigh Uachtarán an Choimisiúin go díreach[17];

13) Ceart tionscanta reachtaigh a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa[18];

14) An inniúlacht a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa buiséad an Aontais a ghlacadh ina aonar, agus/nó cinneadh a dhéanamh i ndáil leis an gcinneadh maidir le hacmhainní dílse[19];

15) Ainmneacha institiúidí an Aontais a athrú[20];

16) Ceart tionscanta reachtaigh ar leibhéal an Aontais a bhronnadh ar na parlaimintí náisiúnta[21];

17) Ceart tionscanta reachtaigh ar leibhéal an Aontais agus/nó ceart díreach foirmiúil maidir le measúnú coimhdeachta faoi Phrótacal Uimh. 2 a bhronnadh ar na parlaimintí réigiúnacha[22].

18) Cumhachtaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus/nó Choiste na Réigiún a mhodhnú nó a mhéadú[23].

---

16 Féach beart 21.3.
17 Féach beart 38. 4.
18 Féach beart 38.4.
19 Féach beart 38.4. Tabhair faoi deara gur chuir saoránaigh tuairim chontrártha in iúl freisin maidir leis an mbeart seo.
20 Féach beart 39.3.
21 Féach beart 40.2.
22 Féach beart 40.2.
23 Féach beart 39.6; agus beart 40.3.

**Forléargas ginearálta ar na gníomhaíochtaí a rinneadh chun tograí na tuarascála maidir le toradh deiridh na Comhdhála a chur chun feidhme**

17. **Ó cuireadh i láthair an tuarascáil maidir le toradh deiridh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa an 9 Bealtaine 2022, tá an Chomhairle ag obair go dúthrachtach chun na tograí agus na bearta sonracha gaolmhara atá inti a chur chun feidhme**. Mar a luaitear sa Dearbhú Comhpháirteach, lenar bunaíodh an Chomhdháil, i mí an Mhárta 2021, gheall Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Uachtarán Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh scrúdú a dhéanamh go pras ar an gcaoi is féidir obair leantach éifeachtach a dhéanamh ar an tuarascáil sin, laistigh dá réimse inniúlachtaí féin agus i gcomhréir leis na Conarthaí.

18. Mar chuid dá tiomantas daingean le háirithiú go ndéanfaí an obair leantach is fearr is féidir ar an gComhdháil, d’fhill an Chomhairle (Gnóthaí Ginearálta) ar ábhar na hoibre leantaí ag gach ceann dá cruinnithe, ar bhonn míosúil, in 2022. Ar an gcaoi chéanna, ag cruinniú an 23-24 Meitheamh, dhearbhaigh an Chomhairle Eorpach go bhfuil obair leantach éifeachtach ar thorthaí na Comhdhála le háirithiú ag na hinstitiúidí, gach ceann acu laistigh dá réimse inniúlachtaí féin agus i gcomhréir leis na Conarthaí. Le linn chruinniú neamhfhoirmiúil na nAirí Gnóthaí Eorpacha i mí Iúil 2022, pléadh cur chun feidhme thoradh na Comhdhála freisin.

19. Tá obair leantach na Comhairle bunaithe go háirithe ar an réamh-mheasúnú teicniúil ar na tograí ón gComhdháil agus ar bhearta sonracha gaolmhara arna ndéanamh ag Ardrúnaíocht na Comhairle. De réir an mheasúnaithe sin, tá aghaidh á tabhairt faoi láthair ar líon suntasach tograí agus beart sonrach nó thug institiúidí an Aontais aghaidh orthu cheana féin. I gcás ina bhféadfadh institiúidí an Aontais tuilleadh oibre fós a dhéanamh ar na tograí agus na bearta sonracha, léirítear sa mheasúnú freisin go bhféadfaí é sin a dhéanamh, i bhformhór mór na gcásanna (beagnach 95 %), laistigh de chreat reatha na gConarthaí (féach pointe 16 thuas). Tar éis an réamh-mheasúnaithe theicniúil sin, le ceistneoir a thionscain Uachtaránacht na Seicia bailíodh tuairimí na dtoscaireachtaí maidir le roinnt príomhábhar a bhaineann leis an obair leantach ar thoradh na Comhdhála.

20. Ar an mbonn sin, chomhaontaigh an Chomhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 21 Meitheamh 2022 tús áite a thabhairt do chur chun feidhme fhormhór mór na dtograí sin ar féidir iad a chur chun feidhme faoi chreat reatha an Chonartha, agus é mar **aidhm leis sin freagraí a thabhairt ar na hábhair sin is díol spéis do na saoránaigh i dtréimhse ama sách gearr agus tionchar dearfach a imirt ar a saol laethúil trí bheartas nithiúil**.

21. Mar is léir ón tábla nuashonraithe san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo, bhí an Chomhairle thar a bheith gníomhach i roinnt réimsí, mar shampla 'Geilleagar níos láidre, ceartas sóisialta agus poist' (e.g. Treoir maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas a ghlacadh i mí Dheireadh Fómhair 2022), 'An t-athrú aeráide agus an comhshaol' (e.g. teacht ar chomhaontú le Parlaimint na hEorpa i mí Dheireadh Fómhair maidir le caighdeáin astaíochtaí CO2 níos déine do ghluaisteáin agus veaineanna chun dlús a chur leis an aistriú chuig soghluaisteacht a mbeadh astaíochtaí nialasacha aici) nó 'Sláinte' (e.g. dhá Rialachán a ghlacadh i mí Dheireadh Fómhair chun feabhas a chur ar chumas an Aontais freagairt ar phaindéimí amach anseo agus ar ghéarchéimeanna sláinte trasteorann eile), agus réitigh inláimhsithe á gcur ar fáil ar an gcaoi sin ar chuid de na hábhair imní is suntasaí a chuir na saoránaigh i dtábhacht sna tograí uathu. Rinne an Chomhairle a dícheall freisin aghaidh a thabhairt ar bhealach pras éifeachtach ar thograí a bhí an-ábhartha i gcomhthéacs na géarchéime a d'eascair as cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, mar shampla i réimse an fhuinnimh (e.g. trí rialacháin a ghlacadh: i mí Lúnasa 2022, Rialachán maidir le bearta comhordaithe a ghlacadh chun an t-éileamh ar ghás a laghdú agus i mí Dheireadh Fómhair, Rialachán maidir le hidirghabháil éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh a ghlacadh) nó trí chumas an Aontais bearta sriantacha a ghlacadh ar scála nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo.

22. Ina theannta sin, ós rud é go bhféadfadh sé go mbeadh togra ón gCoimisiún Eorpach ag teastáil le haghaidh líon mór de na bearta a d'eascair as an gComhdháil, togra a mbeadh ar institiúidí an Aontais aghaidh a thabhairt air ina dhiaidh sin, thug an Chomhairle aird mhór ar obair leantach an Choimisiúin ar an gComhdháil tar éis an 9 Bealtaine 2022. Go háirithe, is díol sásaimh don Chomhairle tiomantas an Choimisiúin tograí a bhaineann leis an gComhdháil a chur ar aghaidh, mar a dearbhaíodh in aitheasc Uachtarán Von der Leyen ar Staid an Aontais an 14 Meán Fómhair 2022 agus i gClár Oibre an Choimisiúin do 2023 (ina bhfuil go leor tionscnamh chun obair leantach a dhéanamh tar éis na Comhdhála, mar shampla an tionscnamh a fógraíodh maidir leis an meabhairshláinte). Thug an Chomhairle aird freisin ar phleananna an Choimisiúin chun rannpháirtíocht na saoránach i gcinnteoireacht an Aontais a leathnú.

23. Thairis sin, mar chuid dá gealltanas an obair leantach is fearr is féidir ar an gComhdháil a áirithiú, **tá na tograí agus na bearta sonracha gaolmhara sin ón gComhdháil ina bhféadfadh sí gníomhú as a stuaim féin, e.g. gan togra nó moladh ó institiúid nó comhlacht eile den Aontas** (go háirithe an Coimisiún nó an tArdionadaí do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála) **sainaitheanta ag an gComhairle agus thosaigh sí ar scrúdú a dhéanamh orthu**[24]. Baineann siad sin den chuid is mó le comhordú bheartas na mBallstát ar leibhéal an Aontais maidir le réimse ábhar, beartas eachtrach nó cumarsáid.

---

**24** Dá bhrí sin, ní áirítear sa doiciméad seo gníomhaíocht i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, ina ngníomhaíonn an Chomhairle ar mholadh ón gCoimisiún. Féach 12279/22.

24. Mar obair leantach ar roinnt tograí ón gComhdháil, thionscain an Chomhairle freisin plé maidir leis an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as clásail *passerelle* lena gceadaítear, faoi chuimsiú na gConarthaí, athrú ó vótáil aontoilíochta go vótáil trí thromlach cáilithe sa Chomhairle i roinnt réimsí. Tá obair fós ar siúl maidir leis an tsaincheist seo.

25. Ar deireadh, maidir le **líon an-teoranta beart sonrach de chuid na Comhdhála lena gceanglófaí athrú ar an gConradh chun iad a chur chun feidhme go hiomlán**, thug an Chomhairle dá haire an rún ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Meitheamh 2022 lena gcuirtear de chúram ar Choiste um Ghnóthaí Bunreachtúla na Parlaiminte tograí a ullmhú chun na Conarthaí a leasú maidir leis na tograí ón gComhdháil dá dteastódh sin, agus chun dhá thogra shonracha a chur faoi bhráid na Comhairle chun na Conarthaí a leasú faoi Airteagal 48(2) CAE.

26. **Déanfar an obair ar fad a rinne Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir leis an obair leantach ar an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa ón 9 Bealtaine 2022 i leith a chur faoi bhráid shaoránaigh na hEorpa le linn imeacht tiomnaithe aiseolais an 2 Nollaig 2022.**

27. Ag an imeacht aiseolais seo, arna eagrú go comhpháirteach ag Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach, beidh na trí institiúid in ann na saoránaigh a chur ar an eolas, i gcomhréir leis an Dearbhú Comhpháirteach a síníodh i mí an Mhárta 2021, faoi na gníomhaíochtaí atá déanta acu chun obair leantach éifeachtach a dhéanamh ar thoradh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, laistigh dá réimse inniúlachtaí féin agus i gcomhréir leis na Conarthaí.